

Ceannphort Éireann Ard Macha

[Williams, N. J. A.: *The poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe* (Irish Texts Society 51, 1980), poem 17]

1 Ceannphort Éireann Ard Macha,
baile uasal ardfhlatha;
táraill mar ghormCholt ngleannach
longphort álainn aifreannach.

2 Re hArd Macha an mhúir aolta
go bráth ná bioth t'easaonta
go seanChorcaigh na bhfleadh bhfionn
i gceannphortaibh fhear nÉirionn.

3 Taillte is Nás Laighean na learg,
Oileach is Eamhain fhíndearg
- gan teacht tuirseach uatha d'fhior -
Uisneach is Cruacha is Caisiol.

4 Teamhair na ríogh, ráth na ngiall,
iostadh rob áille foirniamh;
Ard Macha ós mhúr na Teamhrach
gér dhún datha deighdhealbhach.

5 Ceannphort gan aois, gan urchra
Ard Macha an mhúir neamhdhorcha;
Pádruig an tealaigh do thogh
ós Eamhain fhádbhuig Uladh.

6 Teampall Aird Mhacha an mhúir chuirr
ni lugha náid trí teampuill;
grian an teampuill bhric bhadhbha
'na lic ceanntruim chathardha.

7 Mionn luchtmhar chloiche cuirre
slinnteach darach díoghuinne;
do téigheadh a taobh sleamhain
le haol ngléigheal ngéiseamhail.

8 Sgáile óir a dealbh ndathach
in Ard Mhacha mhórchathach;
a-tá a haol ar dath an duinn
gach clach i dtaobh an teampuill.

9 Gormthar le gloin na bhfuinneog
sróll uaine san orsuinneod;
ós cionn chroiche Dé na ndúl
gné na cloiche arna gclaochlúdh.

10 Do shróll chorcra chiomhas ngeal
altóir álainn 'gá héideadh;
gach peall i bpurt na Rómha
fearr in ucht na haltóra.

11 Ar chochlaibh áille aifrinn
coiligh óir san iodhainchill;
ionmhain brugh litreach leabhrach
nach silteach dubh doidhealbhach.

12 Ar stuaign an teampaill taoibhghil
- caora de 'na ndeargaoibhlibh -
seiniobhar do-ghéabhtha glan;
deighionadh léaghtha leabhar.

13 Coimhsheinm chlog is chléireach mbinn
ar lár theampaill an Táilginn;
teanga bhinn cheann-nuaidhe chluig
i gcill phealluaine Phádraug.

14 Fairche Phádraug phuirt Mhacha
Banbha fár bhris mórchatha;
a céile an Breatnach bádhach
Éire ealtach fhuaránach.

15 Gur thriall tar muir mac Alprainn
fir Éireann in anacfainn;
an chlí ainglidhe dob fhearr
do bhí i dtairngire an Táilgeann.

16 SeinFhionntan mór mac Bóchna
tíg in Éirinn armórtha
chugainn do ghnáth dá gabháil
ar sgáth phubaill Pharthaláin.

17 Clann Neimhidh ós gach neartchloinn
in Éirinn 'gá hoireachtroinn;
Éire ag Cloinn neartmhair Neimhidh
beantair don droing dheigheinigh.

18 Do bhí Fódla ag Fearaibh Bolg
tar éis urluidhe a n-órcholc;
a bhfíoch fa Éirinn uile
críoch Fhéilim is Úghuine.

19 Suidhid Tuatha Dé Danann
in Éirinn na n-ógabhall
láimh re seanráith móir Midhe,

fa Bhóinn ngealbhláith ngainmhidhe.

20 Éire ar iasacht ó gach fhior
go mórghabháil mhac Míliodh -
a gléire ar a dtí ag tónól;
do bhí Éire ag Eriomhón.

21 Ainnséin d'aimsir na gcuradh
roinn Éireann 'gá hordughadh
gan ní im thuinn ngléibhinn ngealmhoill
d'Éirinn Chuinn gan chuígeadhroinn.

22 Táinig Pádraig puirt Bhreatan
i mBanbha na mbáineatal
- fios i dtairngire, fios Finn -
dár sgrios ainbhfine a hÉirinn.

23 Do bheannaigh sé sluagh Banbha
Pádraig na bpeann n-allmhardha;
naomhadh Mhuighe féarghlaín Fáil
guidhe an éarlaimh a hEaspáin.

24 Coiseargais Éirinn uile
ar fhud Innse Laoghire;
Éire shráidshliom na dTrí dTonn
do bhí an Táilgionn 'na tiomcholl.

25 Ag so ar Pádraig puirt oinigh
uarán uirsgeoil mhíorbhaoiligh:
ón Bhreatnach ar neamh néallach
peacdadhach budh fear firéanach.

26 Bean do ibh nathair nimhe
le huisge ngorm ngainmhidhe
in Albain tonnuaine thoir
fhonn-nuaidhe ardaigh fhéaroigh.

27 Rug an nathair 'na broinn bhuig
toircheas dá dtarla treaghuid;
ní fhuair sí ag fáidh ná ag fisidh
ní do thráigh an toirchissin.

28 Ar líonadh mheadhóin na mná
don taobh eile níor iompá;
alacht mór nathrach nimhe
'na smól tachrach theintidhe.

29 Seandall i mórdhún Monaidh
rob é an t-eolach éagsomhail

gur theagaisg sé an mnaoi málá;
nírbh é an draoi nár dhiongmhála.

30 "Gluais ród go Pádraig na bpeann
do bheannaigh inis Éireann;
beag nár sgrios neimh na nathrach
a-deir ar bhfios freagarthach."

31 Mar do bhean bord a loinge
re cuan nÉireann ucht-toinne
- mór an rath ráinig a leas -
a-mach tainig an toircheas.

32 Bean a hAlbain do fhóir sin
aspal a hÉirinn aingligh;
an Táilgionn gan tocht tairis
an port báidshliom beannaighis.

33 Canfad re haspal nÉireann:
- oirdhearc nós a naoimhchéimeann -
deamhain tar tuinn do theilgis,
Teamhair Chuinn do choiseirgis.

34 Tréan an Tighearna neamhdha;
treise thú as an Tighearna;
fear gan ghuidhe naomh nimhe
budh saor uile ót impidhe.

35 Iomdha uait in Ard Mhacha
leabhair bhrefaca bhalla;cha;
díon na gceall agus díon duid
ar sgríobh do pheann, a Phádraig.

36 Tú íocshláinte gach anma,
tú an cumhachtach cathardha
do dhíon bhaoghaíl an bheatha -
síodh re naomhaibh neimhneacha.

37 A hucht Dé do dhealbh an muir
saor inne ar olc an tsaoighuil;
ar n-uilc fágmaid ar foláir,
a Phádraig phuirt Phartholáin.

38 Tugas liom mar luach loghaidh
ó chill uasail éarlomhaigh
cíos Phádraig ó phurt Rómha;
fágmaid in ucht altóra.

39 Do chur chatha ar chath ndiabhal,

d'argain ifrinn ilphíanaigh
- fearchonta ód tréidhibh an troid -
cléirigh pheallchorcra Phádroig.

40 Is í t'eanroilig uile
Éire, Inis Laoghuire;
gan chúis cuirp do chora i gcill
ar ndola an uilc a hÉirinn.

41 Neamhnár mar a-tá a toradh
críoch Bhanbha arna beannoghadh;
toirthe i muigh tre mhac Arplainn;
slat ní fhuil in anacfainn.

42 Ní beag ar Pádraig na bpeann
snáithe d'éadach na hÉireann
do chosg uilc an tíre thoir
tar mhíne gach phuirt phiastoigh.

43 I dtráth chaismirte an chluig bhinn
líontar teampall an Táilginn;
tre orthaibh léighinn gan locht
d'Éirinn Chobhthaigh is ceannphort.

44 D'uaislibh na gceall tiar is toir
Ceall Chonna mhóir mhic Fhionntoin;
dronga fa a theanncar ag tocht
teampall Conna na gceannphort.

45 Ceannphort Connacht an chuain bhuig
Oil Finn ag pubal Pádruig;
a fhearg tre dhíoth chruidh na gceall
is críoch ar nach fuil foirceann.

46 Caisiol na ríogh ráth Pádruig
san Mhumhain mhóir mhiodhfádbhuig;
gi-bé fear do-chuaidh 'na cheann
neamh ar n-uair nochan fhaiceann.

47 Cruach Pádraig na bpuball ndearg
ceannphort Banbha na mbraoinlearg;
'na ród ghnáth le huair n-airce
do-chuaidh cách ar cumairce. Ceannphort.